2025/1158

6.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1158 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1472 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1472 [1].

(2) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1472 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh (CBES) 2024/1472, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(1):

‘1. Is é EUR 1 702 807,39 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun caiteachas an chláir oiliúna a chumhdach i rith na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 5 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. KLIMCZAK

[1] Cinneadh (CBES) 2024/1472 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le hAcadamh Taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh, (IO L, 2024/1472, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1472/oj).